Polasaí Sábháilteachta agus Sláinte

Réamh Ráiteas

Cuireadh tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar an pholasaí seo i Mí Meán Fómhair 2018.

Reasúnaíocht

De réir an dlí Acht Sábháilteacht, Sláinte agus Cúram ag obair 1989, bíonn ar gach fostóir, in éineacht lena chuid fostaithe, Ráiteas Sláinte agus Sábháilteacht a ullmhú, a thaispeáineann go bhfuil Bord Bainistíochta na scoile ag glacadh le cúram sábháilteachta agus sláinte na scoile (fostaithe agus daltaí), agus a leagann amach eagrúchán agus na hachmhainní atá de dhíth chun caighdeán ar leith a shealbhú agus a athbhreithniú.

Gaol le hÉiteas Scoile

‘Sé an aidhm atá againn i nGaelscoil Bhun Cranncha ná go mbeadh pobal na scoile ina iomlán sábháilte agus sláintiúil ag obair agus ag freastal ar an scoil.

Aidhmeanna

- Tá sé i gceist leis an pholasaí seo áit sábháilte a chothú don phobal scoile.

- Tá sé i gceist an pobal scoile a chosaint ó chontúirt fholaigh agus droch shláinte ar scoil.

- Tá sé mar aidhm, chomh fada agus is féidir, cloí le gach aon reachtú ábharthach sláinte agus sábháilteacht, go háirithe sna critéir a leanas;

- ✓ Ionad oibre sábháilte a sholáthar
- ✓ Bealaigh isteach agus éalaithe sábháilte a bheith sa scoil
- ✓ Láimhseáil agus úsáid sábháilte de cheimicigh shaotharlanna
- ✓ Áiseanna shábháilte – iad a choinneáil sábháilte agus cosaint oiriúnach á n-úsáid leo.
- ✓ Áiseanna phearsanta oiriúnacha cosanta curtha ar fáil.

Oifigigh Sláinte is Sábháilteachta

- ✓ Beidh ar an Bhord Bainistíochta Oifigeach Sláinte &Sábháilteachta a cheapadh gach bliain.
- ✓ An Bord Bainistíochta féin.

- ✓ Oifigeach Sláinte & Sábháilteachta ón bhfhoireann tofa gach bliain.

Polasaí

1. Feitheoireacht ar dhaltaí
2. Cuairteoirí a thagann chun na scoile
3. Druil Thine
4. Timpistí Tromchúiseacha
5. Ag tabhairt leighis do pháistí
6. Caidreamh dearfach foirne
7. Tromaíocht
8. Rólanna agus dualgaisí
9. Dáta á chur i gcrích
10. Critéir Ráthúlachta
11. Fráma ama maidir le hathbhreithniú

Feitheoireacht ar dhaltaí

- ✓ Tosaíonn an scoil ag 9.10 gach lá. Ba chóir go mbeadh daltaí in am. Tá na páistí faoi feitheoireacht na múinteoirí ón t-am a thagann siad isteach ar scoil.
- ✓ Críochnaíonn Naíonáin ag 1.50. Críochnaíonn ranganna 1-6 ag 2.50i.n.

<u>Múinteoir as láthair (gan ionadaí ar fáil)</u>

- ✓ Déanfaidh an múinteoir ranga más féidir/ Príomhoide fógra roimh ré sa dóigh is go mbeidh muinteoirí réidh le páistí breise a ghlacadh.
- ✓ Caithfidh an múinteoir obair a ullmhú don lá go mbeidh sé/sí as láthair.
- ✓ Caithfidh na daltaí lón, málaí agus cótaí a thabhairt leo go dtí an rang nua.
- ✓ Ag tús na bliana scoile, ullmhóidh gach múinteoir ranga liosta dhaltaí agus na ranganna chuig a dtéann said.
- ✓ Glacann an múinteoir ranga nua leis na daltaí mar chuid dá rang féin, agus bíonn siad freagrach astu don lá.
- ✓ Ba chóir do gach múinteoir obair bhreise do trí lá a fhágáil san oifig ar eagla go mbeadh siad as láthair.

Ag taisteal ón chlós/chuig an clós

- ✓ Bíonn na páistí faoi feitheoireacht na múinteoirí ón t- am a thagann siad isteach ar maidin. Bailíonn an múinteoir ranga na ranganna ón chlós tar éis am lóin.
- ✓ Siúlann an múinteoir ranga leis na páistí go dtí an clós ag am lóin agus ag am dul abhaile.

Laethanta fliucha

- ✓ Caithfidh na múinteoirí obair/cluichí srl. a fhágáil do na páistí ar laethanta fliucha.
- ✓ Déanfaidh na múinteoirí, de réir an chlár ama feitheoireachta, dualgas taobh istigh ag siúl ó sheomra go seomra.
- ✓ Beidh "sos ghníomhach" 10 mbom. ar a laghad, ag daltaí sa seomra ranga ar laethanta fliucha.

Cuairteoirí a thagann chun na scoile

- ✓ Caithfidh aon cuairteoir a thagann chuig na scoile bualadh leis an rúnaí agus/nó an Príomhoide ar dtús chun an leabhar cuairteoirí a shíniu.
- ✓ Má bhíonn aon cuairteoir ag obair leis na páistí, ní mór dóibh suaitheantas aitheantais na scoile a chaitheamh.

Tine

Tá sé mar pholasaí ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Bhun Cranncha:

- ✓ Go gcinnteoidh Buncrana Youth and Community Development Company, ag comhoibriú leis an Bhord Bainistíochta, go bhfuil go leor múchtóirí tine, atá fóirsteanach don tsuíomh ina bhfuil siad le n-úsáid ar fáil, agus go seirbhís rialta déanta orthu ag cibe'n comhlacht cáilithe atá ainmnithe ag Buncrana Youth and Community Development Company.
- ✓ Beidh treoracha ag gach múchtóir tine maidir lena úsáid.
- ✓ Go gcinnteoidh an Príomhoide go ndéanfar Druil Thine ar a laghad uair amháin gach téarma.
- ✓ Cinntíonn sé/sí go bhfuil an Córas Alaraim Dóiteáin agus na múchtóirí tine ag obair i gceart & coinníonn sé/sí cuntas de Dhruileanna Tine.
- ✓ Tá an tOifigeach Sláinte Foirne freagrach ach cur i láthair ar úsáid na múchtóirí tine a eagrú go bliantiúil.

- ✓ Go mbeidh gach aon alaraim tine marcáilte go soiléir. (Freagracht ar Oifigeach Sábháilteachta an Bhoird).
- ✓ Go mbeadh fógraí doirse éalaithe agus bealaigh éalaithe sofheicthe (Oifigeach Sláinte Foirne)
- ✓ Go mbeidh gach doras, pasáiste agus bealach isteach saor ó bhac. Beifear in ann iad a oscailt ag aon am ón taobh istigh den fhoirgneamh. Beidh ar ghach múinteoir cinntiú go bhfuil an bealach éalaithe óna rang saor ó bhac.
- ✓ Go mbeidh Ionad Tionóil roghnaithe taobh amuigh den fhoirgneamh agus ar eolas ag gach ball foirne agus na páistí.
- ✓ Go mbeidh na fógraí éalaithe marcáilte go soiléir.
- ✓ Go bhfágfar trealamh leictreach díphlugáilte nuair nach bhfuil siad in úsáid thar thréimhsí fhada agus nuair a bhíonn an foirgneamh folamh. (Tá gach múinteoir freagrach as a rang féin & tá an Rúnaí agus an Príomhoide freagrach as a n-oifigí féin.)
- ✓ Tá ***Piaras Ó Donghaile*** ag feidhmiú mar Oifigeach Foirne Sláinte agus Sábháilteachta do 2020/21.
- ✓ Tá ***Úna Ní Mhaoildeirg Uí Cheallaigh*** ag feidhmiú mar Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta an Bhoird do 2020/21.

Socruithe do Dhruil Tine

Pointe Tionóil: Clós Naíonán

Foláireamh Druil Thine: Nuair a bhuaileann an clog tine, ba chóir go mbeadh ciúnas sa rang nó cibé áit ina bhfuil tú.

Aslonnú

Tá an múinteoir ranga i gceannas go hiomlán ar a rang féin. Fágann gach rang an seomra ranga i gciúnas iomlán.Is é/í an múinteoir an duine deireanach a fhágann an rang, ag cinntiú go bhfuil na doirse druidte. Tógann an múinteoir an liosta ranga atá greamithe ar chúl doras an tseomra ranga leis/léi.

Múinteoirí Oideachais Speisialta**:** Beidh orthu cinntiú go bhfuil aon pháiste atá leo tugtha ar ais go dtí a rang taobh amuigh agus go bhfuil ranganna ag bogadh go réidh. Beidh orthu cinntiú go bhfuil gach doras ar an bhealach druidte.

Cuiditheoirí Riachtanais Speisialta**:** Fanann siad leis an rang ina bhfuil siad ag obair agus druideann siad doirse má tá siad fágtha ar oscailt ar an bhealach amach.

Tionól**:**

- ✓ Nuair a thagann na páistí go dtí Ionad an Tionóil, ba chóir dóibh teacht le chéile, rang ar rang i líne díreach, ag an fhógra cuí ar an bhealach.
- ✓ Glaonn an múinteoir an rolla ansin agus tugann sé/sí an t-eolas don Phríomhoide.
- ✓ Glacann an Oifigeach Slainte Scoile taifead den mhéid ama a ghlac an druil thine agus cuirtear an t-eolas ar aghaidh go cruinniú an Bhoird Bhainistíochta.

Timpistí tromchúiseacha -Nósanna Imeachta

Garchabhair

Coinnitear an bosca garchabhrach (agus aon leighis ceadaithe) in oifig na scoile, agus ceann eile sa seomra foirne. Moltar lámhainní sodhíolta a úsáid i gcónaí nuair a thugtar garchabhair.Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas i gcás gach timpiste, go neamhfhoirmiúil ó bhéal, le glaoch fóin,le nóta sa dialann . I gcás timpistí atá tromchúiseach, líontar an leabhar timpiste atá in Oifig an Rúnaí agus cuirtear cóip abhaile leis an pháiste.

Leabhar Eachtra

Tá Leabhar Eachtra ag gach múinteoir. Coinnitear tuairisc de gach eachtra sa leabhar seo agus cuirtear sonraí d'aon eachtra criticiúil madir le sláinte agus sábháilteacht chuig an phríomhoide láithreach.

An Clós

Má bhíonn timpiste ag páiste sa chlós:

1. Déanann an múinteoir ar an chlós cinneadh faoi chuidiú breise agus lorgaíonn siad tacaíocht breise más gá.
2. Scríobhann an múinteoir ar an chlós tuairisc faoin timpiste sa Leabhar Timpiste.
3. Tugtar garchabhair don pháiste más gá ag úsáid ábhair garchabhrach ceadaithe.
4. Déanann an múinteoir clóis cinneadh glaoch a chur ar thuismitheoir leis an pháiste a thabhairt abhaile/ chuig an dochtúir/ospidéal (más timpiste cinn ata ann bíonn tuismitheoirí curtha ar an eolas láithreach).

An Rang

Má bhíonn timpiste sa rang;

1. Déanann an múinteoir cinneadh faoin tacaíocht atá de dhíth agus lorgaíonn said tacaíocht breise más gá.
2. Scríobhann an múinteoir tuairisc faoin timpiste sa Leabhar Timpiste.

3. Tugann an múinteoir garchabhair don pháiste más gá.
4. Úsáidtear ábhair garchabhrach ceadaithe amháin.
5. Déanann an múinteoir ranga cinneadh glaoch a chur ar thuismitheoir leis an pháiste a thabhairt abhaile/ chuig an dochtúir/ospidéal (más timpiste cinn ata ann bíonn tuismitheoirí curtha ar an eolas láithreach).
6. *Má mhothaíonn páiste tinn sa rang:*

1. Cuireann an múinteoir glaoch ar na tuismitheoirí.
2. Tagann na tuismitheoirí/caomhnóirí ceadaithe chun an páiste a bhailiú .

Traenáil, Cluichí agus Turais

- ✓ Tógtar bosca garchabhrach chuig cluichí, traenáil agus turais lasmuigh den scoil.
- ✓ Tógtar fón póca agus uimhreacha teagmhála na dtuismitheoirí.

Ag riaradh leighis do pháistí

Leantar na céimeanna mar atá leagtha síos sa pholasaí riaracháin leighis.

Caidreamh dearfach fóirne

Má bhíonn deacrachtaí fóirne, déanfar gach iarracht na deacrachtaí a réitiú chomh luath agus is féidir ag leanúint na struchtúir scoile atá leagtha síos;

1. Caidreamh Neamhfhoirmiúila.

a) Caint le chéile

b) An fhadhb a ainmniú

c) Réiteach a aimsiú

d) Céimeanna a chinntiú

e) Aidhmeanna réalaíoch a fhorbairt

f) Cúntas a choinneáil

2. Tuairiscí don Phríomhoide
3. Tuairiscí don Bhord Bainistíochta

Níos mó eolais ar fáil i lámhleabhar an Bhoird Bainistíochta.

Tromaíocht

Leantar na céimeanna mar atá leagtha síos sa pholasaí frith-thromaíochta.

Rólanna agus dualgaisí

Tá foireann iomlán na scoile faoi stiúir an Bhoird Bhainistíochta freagrach as ucht an polasaí a chur i bhfeidhm. Cinnteoidh an príomhoide agus an tOifigeach Sábháilte Foirne go bhfuil gach ball den fhoireann ar an eolas faoin pholasaí.

Dáta é a chur i gcrích

Beidh an cleachtas luaite sa pholasaí seo curtha i bhfeidhm nuair atá an polasaí seo daingnithe ag cruinniú an Bhoird Bhainistíochta.

Critéir Ráthúlachta

Aiseolas á fháil ón fhoireann. Labhairt leis an fhoireann, tuistí, daltaí srl. le feiceáil caidé mar atá an polasaí ag obair.

Fráma Ama maidir le h-Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an pholasaí seo i mí Aibreáin 2022

Daingniú agus Cumarsáid

Bhí an polasaí seo daingnithe ag an Bhord Bainistíochta ar an 25/09/19.

Ta cóip den pholasaí seo tugtha do gach múinteoir agus tá sé ar fáil do thuismitheoirí ar an suíomh idirlín scoile.

Sínithe: *Colm Ó Tuathaláin* **(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)**

Dáta: 25 /09/19.

Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar an pholasaí seo, i dtaca le srianta Covid-19, ag cruinniú Bord Bainistíochta ar an 02/12/2020.

Chairperson: *Colm Ó Tuathaláin* **Principal:** *Úna Ní Mhaoildeirg Uí Cheallaigh*

Dáta: 02/12/2020 Dáta: 02/12/2020